| SFG 5 | Tabhair faoi deara gur foilseachán é seo de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar a bhí ag an am) |
|---|---|

# Sábháilteacht Dóiteáin i dTithe Gaeltachta a chuireann Lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT

# Caibidil 1 - Réamhrá

### Cuspóir na Treorach

Is é cuspóir na Treorach ghearr seo cúnamh a thabhairt do dhaoine a rialaíonn Tithe Gaeltachta (Mná Tithe), a chuireann lóistín ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge, a gcuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Forálann an tAcht go háirithe:

Go bhfuil dualgas ar dhaoine a rialaíonn na háitribh sin:

- Gach beart réasúnach a dhéanamh cosaint in aghaidh bhriseadh amach dóiteáin in áitribh den sórt sin a sholáthar,

- Bearta sábháilteachta dóiteáin réasúnta a sholáthar d'áitribh den sórt sin agus nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin cuí a ullmhú agus a chur ar fáil le sábháilteacht daoine in áitribh den sórt sin a chinntiú,

- A chinntiú go mbíonn na bearta sábháilteachta agus na nósanna imeachta dóiteáin dá dtagraítear thuas curtha i bhfeidhm an t-am go léir, agus

- Sábháilteacht daoine san áitreabh a chinntiú, chomh fada agus a bheidh infheidhme go réasúnach, i gcás bhriseadh amach dóiteáin, cibé an mbíonn nó nach mbíonn briseadh amach den sórt sin tarlaithe.

### Scóip na Treorach

Tugann an treoir seo aghaidh ar shábháilteacht dóiteáin i dTithe Gaeltachta a úsáidtear chun lóistín a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Ba chóir na moltaí do shábháilteacht dóiteáin a aithnítear sa treoir seo a fheidhmiú ar fud an líon tí i.e cóiríocht na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus an chóiríocht a bhíonn in úsáid ag Bean an Tí agus ag a teaghlach.  Déantar moltaí maidir le leagan amach foirgneamh, áiseanna cosanta dóiteáin, bainistiú shábháilteacht dóiteáin agus bearta eile chun an baol do bheatha duine ó dhóiteán a laghdú.  Ba chóir don Údarás Áitiúil déileáil le háitribh atá trí stór ar airde nó níos mó ar bhonn cásanna aonair.

# Caibidil 2 – Treoir Sábháilteachta Dóiteáin

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas san áireamh san íoschaighdeán sábháilteachta dóiteáin atá molta do thithe Gaeltachta a chuireann lóistín ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge:

1. Córas braite agus aláraim dóiteáin LD1 Grád D deartha de réir BS 5839 Cuid 6: 2004[1]. Ba chóir go mbeadh sa chóras sin brathadóir teasa cuí-lonnaithe agus idirnasctha, a bheidh á chumhachtú ag príomhlíonra (a bheidh lonnaithe sa chistin) agus brathadóirí deataigh optúla (a mbeidh soláthar cumhachta in-athluchtaithe ar feitheamh agus gné rialaithe lárnaigh aige) ar fud an chuid eile den áitreabh, lena n-áirítear gach áit a mbíonn daoine ag gluaiseacht tríd agus a bheidh mar chuid den bhealach éalaithe agus i ngach seomra agus i ngach áit ina bhféadfadh dóiteán tosú, seachas leithris, seomraí folctha agus seomraí cithfholctha. (*An LD1 Grade D fire detection and alarm system designed in accordance with BS 5839 Part 6: 2004. This system should incorporate a suitably located and interconnected mains powered heat detector (located in the kitchen) and optical smoke detectors (with standby rechargeable power supply and an element of central control) throughout the remainder of the premises) including all circulation areas that form part of the escape route and in all rooms and areas in which a fire might start, other than toilets, bathrooms and shower rooms*.) Ba chóir go mbeadh an tsaoráid rialaithe lárnach lonnaithe sa phríomh-halla iontrála agus ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag baint leis;
    - Pointe glao láimhe le haghaidh comharthaíocht thrialach agus aslonnaithe a dhéanamh,
    - Lasc (*switch*) aimsithe chun foinse an aláraim a aimsiú, agus
    - Ba chóir go mbeadh ag gach aláram slí lena aithint go bhfuil an ciorad (*circuit*) beo agus ag obair.

2. Níor chóir go mbeadh ar dhoirse na mbealaí éalaithe, go háirithe an doras tosaigh agus an doras cúil, ach ceanglóirí simplí is féidir a oibriú go héasca ón taobh istigh gan eochair a úsáid.

---

[1] An cód cleachtais do dhearadh agus do shuíomh córas braite agus aláraim dóiteáin in áit chónaithe.

*3.* Ní gá fuinneoga éalaithe/tarrthála a chur ar fáil ach amháin i seomraí codlata[2]. Ba chóir go soláthródh siad limistéar oscailte, glan gan aon rud á gcosc de 0.33m cearnach ar a laghad. Ba chóir go mbeadh siad ar a laghad 450mm ar leithead agus ar airde. Maidir le fuinneoga ar an gcéad urlár, ní chóir go mbeadh íochtar oscailt na fuinneoige níos mó ná 1100mm nó níos lú ná 800mm os cionn an urláir go díreach laistigh nó faoin fhuinneog. Maidir le fuinneoga ar urlár na talún, ní chóir go mbeadh íochtar oscailt na fuinneoige níos mó ná 1100mm os cionn an urláir go díreach laistigh nó faoin fhuinneog agus féadfaidh sé a bheith níos lú ná 800mm os cionn an urláir go díreach laistigh nó faoin fhuinneog.

4. Níor chóir go mbeadh seomraí codlata ina seomraí inmheánacha[3]. Ba chóir go mbeadh teacht díreach ar phasáiste, ar halla nó ar staighre ó dhoirse seomraí codlata. Is seomraí inmheánacha inghlactha iad seomraí folctha nó cithfholctha *en-suite*, agus seomraí beaga stórais. Sa chás go mbeidh seomra codlata ina sheomra inmhéanach, ba chóir go mbeadh slí amach chuig an taobh amuigh díreach trí dhoras ann, níl fuinneog éalaithe inghlactha sa chás sin. Sa chás nach mbeidh an seomra inmhéanach in úsáid mar sheomra codlata glacfar le fuinneog éalaithe trínar féidir dul amach taobh amuigh go díreach.

5. Ba chóir soilsiú éigeandála a sholáthar chun an phríomh-áit a mbíonn daoine ag gluaiseacht tríd a shoilsiú sa chás go gcliseann an gnáth-shoilsiú. Ba chóir saoráid a chur ar fáil chun an córas soilsithe éigeandála a thástáil.

6. Ba chóir staighre a fhreastalaíonn ar urlár uachtair a bheith dúnta isteach (nach gá a bheith dódhíonach) ar airde an urláir sin agus ba chóir go scaoilfeadh sé amach díreach chuig an taobh amuigh ag leibhéal talaimh/rochtana. Níor mhór féachaint go grinn ar aon leagan amach oscailte ina mbeadh an staighre ag dul suas go díreach ó áit chónaithe ar an mbunurlár agus ní mholtar é.

---

[2] Chun críche na treorach seo áireofar ar sheomra codlata seomra ar bith a bheidh in úsáid ag Bean an Tí mar áit codlata sealadach, i.e. seomra suí, seomra staidéir, srl.

[3]Seomra inmheánach – seomra nach féidir éalú as ach trí dhul trí sheomra rochtana nó trí sheomra seachtrach.

7. Ba chóir go mbeadh grádú Aicme B, mar a shonraítear i nDoiciméad Treorach Teicniúil B de chuid na Rialacháin Fhoirgníochta, 2006, ag baint le líneálacha ballaí agus síleálacha i mbealaí éalaithe, agus ba chóir go mbeadh grádú nach lú ná Aicme C ag baint le gach áit eile. Tá grádú feidhmíochta Aicme B le haon ábhar dodhóite, ar nós plástair, bríc-oibre, blocoibre nó plástarchláir. Ní chomhlíonfaidh ábhair indóite ar nós leathánra adhmaid agus clárábhair éadroma eile feidhmíocht Aicme B nó Aicme C. *(Wall and ceiling linings in escape routes should have a Class B rating as defined in Technical Guidance Document B to the Building Regulations, 2006, while all other areas should have a rating not less than Class C. Any non-combustible material, such as plaster, brickwork, blockwork or plasterboard has a Class B performance rating. Combustible materials such as timber sheeting and other light board materials will not meet either Class B or Class C performance).*

8. Ba chóir stóráil ábhar indóite i hallaí faoi staighre a sheachaint.

9. Ní chóir gairis théimh iniompartha a úsáid.

10. Ba chóir trealamh múchta dóiteáin garchabhrach a sholáthar sa chistin. Ba chóir go mbeadh ar a laghad múchtóir dóiteáin púdair tirim 6kg amháin agus blaincéad dóiteáin amháin mar chuid de.

11. Ba chóir cleachtadh dóiteáin a dhéanamh an chéad oíche a chaitheann foghlaimeoirí Gaeilge ina dteach nua. Ba chóir don Bhean Tí an córas aimsithe dóiteáin agus an córas aláraim a thástáil an oíche chéanna. Ba chóir an nós imeachta sin a athdhéanamh an chéad oíche de gach cúrsa, is é sin, thar an séasúr naoi seachtaine ba chóir trí chleachtadh dóiteáin a dhéanamh, ceann amháin in aghaidh gach cúrsa.

12. Ba chóir fógraí buana treoracha faoi shábháilteacht dóiteáin, ar a léireofar na nithe a dhéanfar ‘I gCás Tine a Aimsiú’ agus ‘I gCás an tAláram Dóiteáin a Chloisteáil’, a chrochadh ar dhoras gach seomra codlata sa dá theanga. Féach Aguisín 1 le haghaidh fógra samplach. (*Instruction notices should be fixed to the inside of the doors of all bedrooms, in both languages)*.

13. Coimeádfar bealaí éalaithe inmheánacha (pasáistí, cinn staighre, staighre agus hallaí) agus seachtracha glan agus réidh le húsáid an t-am go léir.

14. Ba chóir do dhuine inniúil an córas aimsithe dóiteáin, an córas aláraim dóiteáin, an córas soilsithe éigeandála agus aon trealamh múchta dóiteáin a scrúdú go mion uair sa bhliain, go díreach roimh shéasúr an choláiste. Ba chóir don Bhean Tí taifead ar na tástálacha sin a choimeád i gclár sábháilteachta dóiteáin (féach Aguisín 2).

15. Ba chóir go gcomhlíonfadh fearastú I.R. Uimh. 316/1995: an tOrdú Taighde Tionscail agus Caighdeán (Sábháilteacht Dóiteáin) (Troscán Tí), 1995. *Furnishings should comply with S.I. No. 316/1995: Industrial Research and Standards (Fire Safety) (Domestic Furniture) Order, 1995*.

16. Ba chóir don Bhean Tí clár sábháilteachta dóiteáin a choimeád. Tá mionsonraí faoin gcineál faisnéise ba chóir a choimeád ann le fáil in Aguisín 2.

# Aguisín 1. Nósanna Imeachta Éigeandála agus Aslonnaithe

**Fógraí Treorach Dóiteáin**
Is éard is fógra treorach dóiteáin ann liosta priontáilte treoracha lena léireofar na nithe nach mór a dhéanamh nuair a tharlaíonn dóiteán nó éigeandáil eile. Tá an fógra roinnte ina dhá chuid ag brath ar cibé an dtagann duine ar dhóiteán nó an gcloiseann sé nó sí rabhadh maidir le dóiteán. Léirítear sampla d'fhógra thíos.

## FÓGRA TREORACH DÓITEÁIN

**Ar Dhóiteán a Aimsiú**
- Oibrigh an t-aonad briste gloine[4] is gaire duit má bhíonn ceann ar fáil.
- Cuir Bean an Tí ar an eolas faoi shuíomh an dóiteáin.
- Fág an t-áitreabh láithreach tríd an mbealach éalaithe is gaire duit atá ann.
- Siúl amach go réidh agus go cúramach.
- An duine ainmnithe chun teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112).[5]
- Ná téigh isteach san áitreabh arís.
- Déan de réir threoracha Bhean an Tí.

**Ar Aláram nó Rabhadh Eile a Chloisteáil**
- Fág an t-áitreabh láithreach tríd an mbealach éalaithe is gaire duit atá ann.
- Siúl amach go réidh agus go cúramach.
- An duine ainmnithe chun teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112). [4]
- Ná téigh isteach san áitreabh arís.
- Déan de réir threoracha Bhean an Tí.

**Plean don Bhealach Éalaithe**
Ba chóir go mbeadh plean ag gabháil leis an bhfógra sin ar a n-aithneofar an bealach ba chóir d'áititheoirí an tseomra a thógáil le bheith sábháilte, i gcás éigeandála. Ba chóir go mbeadh an fógra treorach dóiteáin agus an plean priontáilte ar ábhar buan agus greamaithe ar chúl dhoirse na seomraí leapa go léir.

[4] Sa chás nach mbíonn aonad briste gloine ann nó sa chás nach mbíonn an córas aláraim dóiteáin ar siúl fós, ba chóir rabhadh ó bhéal a thabhairt don fhoireann agus d'áititheoirí.
[5] Ba chóir go mbeadh d'ainm, d'uimhir ghutháin, do sheoladh (agus sainchomharthaí á dtabhairt más gá), an cineál dóiteáin agus aon fhaisnéis chuí eile i measc na faisnéise a thugtar do na Seirbhísí Éigeandála ar an teileafón.

# Aguisín 2. Clár Sábháilteachta Dóiteáin

Tugann an t-aguisín seo treoir maidir leis an gcineál taifead agus faisnéise eile ba chóir a chur san áireamh i gclár sábháilteachta dóiteáin. Níl leagan amach an chláir ordaithe, ach d’fhéadfaí na foirmeacha ar na leathanaigh seo a leanas a úsáid chun na críche sin. D’fhéadfaí na foirmeacha sin agus cáipéisíocht ghaolmhar a choimeád i gcomhad (*file*) agus a choinneáil in áit shlán.

Ba chóir go mbeadh ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas sa Chlár Sábháilteachta Dóiteáin:

(a) Mionsonraí an áitribh

(b) Tástálacha seachtainiúla Bhean an Tí

(c) Tástálacha bliantúla

(d) Teastas aláraim

(e) Teastas soilisithe éigeandála

# (a) Mionsonraí an Áitribh

Ainm an Áitribh ______________________________

Ainm an Duine i gCeannas ______________________________

Uimhir ghutháin an Áitribh ______________________________

Seoladh an Áitribh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Ainm an Duine atá freagrach as glaoch ar an mBriogáid Dóiteáin

______________________________

An líon Seomra Codlata ______________________________

An líon Spásanna Leapa ______________________________

Ainmneacha na bhFoghlaimeoirí
Gaeilge ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Etc.**

# (b) Tástálacha Seachtainiúla Bhean an Tí

**(i) Taifead ar Chleachtaí Aslonnaithe/Dóiteáin**

Ba chóir go mbeadh gach mac léinn Gaeilge páirteach i gcleachtadh dóiteáin amháin ar a laghad san áitreabh a mbíonn siad ag fanacht ann. Ba chóir go dtarlódh sin an chéad oíche a chaitheann siad go léir san áitreabh. Ba chóir gach cleachtadh aslonnaithe/dóiteáin a thaifeadadh sa tábla thíos.

| | **Dáta an Chleachtaidh** | **Am an Chleachtaidh** | **An raibh gach Foghlaimeoir Gaeilge páirteach ann? (Bhí/Ní raibh)** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|
| Cleachtadh 1 | | | | |
| Cleachtadh 2 | | | | |
| Cleachtadh 3 | | | | |

**(ii) Tástáil Seachtainiúil ar an Aláram Dóiteáin**

| | **Dáta** | **Am** | **Aláram curtha i nGníomh** (Bhí/Ní raibh) | **Lochtanna Aimsithe** (Bhí/Ní raibh) | **Sínithe** |
|---|---|---|---|---|---|
| Seachtain 1 | | | | | |
| Seachtain 2 | | | | | |
| Seachtain 3 | | | | | |
| Seachtain 4 | | | | | |
| Seachtain 5 | | | | | |
| Seachtain 6 | | | | | |
| Seachtain 7 | | | | | |
| Seachtain 8 | | | | | |
| Seachtain 9 | | | | | |

**(iii) Tástáil Seachtainiúil ar an Soilsiú Éigeandála**

| | **Dáta** | **Am** | **Soilsiú curtha i nGníomh** (Bhí/Ní raibh) | **Lochtanna Aimsithe** (Bhí/Ní raibh) | **Sínithe** |
|---|---|---|---|---|---|
| Seachtain 1 | | | | | |
| Seachtain 2 | | | | | |
| Seachtain 3 | | | | | |
| Seachtain 4 | | | | | |
| Seachtain 5 | | | | | |
| Seachtain 6 | | | | | |
| Seachtain 7 | | | | | |
| Seachtain 8 | | | | | |
| Seachtain 9 | | | | | |

# (c) Tástálacha Bliantúla
(le comhlánú ag duine inniúil)

**(i) Tástáil Bhliantúil ar an Trealamh Múchta Dóiteáin**

| Cineál agus Méid | Suíomh | Mionsonraí Lochtanna agus ar Gnímh déanta | Dáta agus Síniú |
|---|---|---|---|
| | | | |

**(ii) Tástáil Bhliantúil ar an gCóras Aimsithe Dóiteáin agus ar an gCóras Aláraim**

| Dáta | Am | Eachtra | Gníomh riachtanach nó déanta | Dáta comhlánaithe | Inisealacha |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**(iii) Tástáil Bhliantúil ar Shoilsiú Éigeandála**

| Dáta | Am | Eachtra | Gníomh riachtanach nó déanta | Dáta comhlánaithe | Inisealacha |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

# (d) Teastas Aláraim Dóiteáin

(le comhlánú ag duine inniúil)

Tá córas aláraim dóiteáin riachtanach i ngach áitreabh a úsáidtear chun lóistín a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge d'fhonn rabhadh luath ar bhriseadh amach dóiteáin a thabhairt agus lena chinntiú gur féidir na bealaí éalaithe a úsáid go sábháilte.

**Taifead Feistithe**

An líon Brathadóirí Deataigh ________________________________

An líon Brathadóirí Teasa ________________________________

An líon Aonad Briste Gloine ________________________________
(más infheidhme)

Tá an córas seo inoibrithe agus tá seiceáil agus tástáil déanta air de réir BS 5839: Cuid 1: 2002.

Sínithe ________________________________

Stádas ________________________________

Dáta ________________________________

Le haghaidh agus thar ceann ________________________________
Eagraíocht Seirbhíse

Nótáil:
Ba chóir an teastas coimisiúnaithe bunaidh a chur leis seo má tá sé ar fáil.

# (e) Teastas Soilsithe Éigeandála

(**le comhlánú ag duine inniúil**)

Ba chóir córas soilsithe éigeandála a chur ar fáil chun na bealaí éalaithe a shoilsiú sa chás go dteipfeadh ar an soláthar leictreachais príomhlíonra.

**Taifead Feistithe**

An Líon Soilse Éigeandála ____________________________________

An dáta Iniúchta/Feistithe ____________________________________

Iniúchadh/Feistiú déanta ag ____________________________________

Sínithe ____________________________________

Stádas ____________________________________

Dáta ____________________________________

Le haghaidh agus thar ceann ____________________________________

Eagraíocht Seirbhíse

Nótáil:
Ba chóir an teastas coimisiúnaithe bunaidh a chur leis seo má tá sé ar fáil.